“Na cúiseanna agus na haidhmeanna a bhain le hÉirí Amach na sclábhaithe gorma faoi stiúir Nat Turner i gContae Southampton, Virginia i Stát Aontaithe Mheiriceá 21 Lúnasa 1831 agus na himpleachtaí, na hiarmhairtí agus an tionchar a bhain leis.” **Muireann**

San aiste seo, tá sé i gceist agam cur síos a dhéanamh ar na cúiseanna, na himpleachtaí agus an tionchar a bhain le héirí amach na sclábhaithe gorma faoi cheannasaíocht Nat Turner i Southampton, Virginia, Lúnasa 1831.

Mar chúlra ar an eachtra staire seo, tugadh os cionn 10 milliún Afracach ón Afraic go Meiriceá trí fhorneart ó dheireadh an 16ú haois go lár an 19ú haois (Weber, 2015)(1). Bhí brúidiúlacht agus ciníochas do-thuigthe á gcur i bhfeidhm ar sclábhaithe Afracacha ar feadh 400 bliain ón 16ú haois ar aghaidh. Lean an ciníochas seo ar aghaidh ar feadh na nglúnta tar éis a bhfuascailt fiú. (Lewis T. , 2005) (2) Cinnte, bhí leatrom, céasadh agus foréigean do-chreidte in aghaidh dhaoine ghorma mar chúis thábhachtach ar an scéal seo. Ba é an t-idirdhealú agus easpa cearta sibhialta a spreag Turner i dtreo éirí amach a stiúradh. (Bundles, 2015) (3)

Seanmóirí do sclábhaithe Afracacha-Mheiriceánacha ab ea Nat Turner. Rugadh é mar sclábhaí 2 Deireadh Fómhair 1800. (GRAY, 1831)(4) Chaith Turner a shaol ar fad i gContae Southampton, Virginia, limistéar plandála ina raibh tromlach an daonra mar sclábhaithe (Drewry, 1900)(5). Bhí sé fíorchliste agus d'fhoghlaim sé conas léamh agus scríobh agus é an-óg. Deirtear go raibh 'cumas agus clisteacht nádúrtha' aige (Terry Bisson, 2009)(6). Bhí ciníochas na sclábhaíochta le feiceáil agus le tuiscint go soiléir ag Turner agus ba é seo ceann de na cúiseanna a spreagadh é i dtreo éirí amach a eagrú.

Bhí cúlra an-chráifeach ag Turner (Aptheker, 1993)(7). Dar le Turner, bhí físeanna feicthe aige agus chreid sé gur teachtaireachtaí ó Dhia iad. Dar leis, bhí fís aige in 1824 agus é ag obair sna páirceanna dá mháistir Thomas Moore. San fís seo, bhí an Slánaitheoir ar tí an chuing a bhí aige ar son pheacaí na bhfear a leagan síos, agus bhí lá mór an bhreithiúnais ag teacht (GRAY, 1831)(4). Chreid sé go raibh dualgas air tacú le Dia ríocht Dé a chomhlíonadh ina shaol féin. (Drexler-Dreis, 2014)(8) Chreid sé gur thug Dia dúshlán dó a naimhde a mharú lena n-airm féin. (GRAY, 1831) (4) De bharr na tuairimí seo, is

cosúil go raibh spreagadh tugtha dó ina chreidiúintí an t-éirí amach a eagrú.

Dar le nuachtán amháin, dhearbhaigh Turner nárbh é marú neamh-idirdhealaitheach a bhí ar intinn acu, ach gurbh é scanradh agus aláram a chruthú aidhm an éirí amach. (Aptheker, American Negro Slave Revolts, 1943)(12) Bhí Turner den tuairim go gcuirfeadh foréigean daoine geala ag machnamh faoina mbrúidiúlacht le sclábhaithe. (Andrews & Vincent, 2008)(9) Faraor, aidhm eile a bhí ag an éirí amach.

12 Feabhra, 1831, bhí urú gréine le feiceáil i Virginia. Shamhlaigh Turner go raibh sé seo mar a bheadh lámh fear gorm ag síneadh os comhair ghile na gréine. (Allmendinger, 2014)(10) Leis sin, chuir sé tús le hullmhúcháin don éirí amach trí mhuscaeidí a cheannach agus eile. Mhínigh sé a chuid pleananna le ceathrar ina raibh an-mhuinín aige astu; Henry, Hark, Nelson, agus Sam (GRAY, 1831)(4). Bhain siad leas as amhráin chun muintir na comharsanachta a earcú i gcomhair na ghluaiseachta. (E, 2007)(11) Leis seo, bhí tús curtha leis an éirí amach.

21ú Lúnasa 1831, bhailigh Turner os cionn 70 duine gorma, idir sclábhaithe is eile, cuid acu ar mhuin capaill. (Ayers, 2007)(12) (Aptheker, American Negro Slave Revolts, 1943)(13) Thaisteal na reibiliúnaithe ó theach go teach, ag saoradh sclábhaithe agus ag marú na ndaoine geala ar a mbealach. Sceana agus uirlisí maola a bhí acu. (GRAY, 1831)(4) (Roland, 1971)(14) Mharaíodar timpeall 60 duine geal sular chuir grúpa de lucht míleata an cheantair faoi chois iad (Oates, 1973)(15). Is cinnte go ndeachaigh an t-eachtra marfach i bhfeidhm ar an phobal gheal. Seachas tuiscint i dtaobh éagcothromaíocht na sclábhaíochta, tuairiscíodh sna nuachtáin gur ghá tuilleadh smachta a chur ar ghormaigh. (Harper, 1853)(22) Bhí impleachtaí tromchúiseacha leis an meon sin.

Bhí coisithe mhíleata an stáit agus grúpaí airtléire in ann an t-éirí amach a chur faoi chois. (Aptheker, American Negro Slave Revolts, 1943)(12) Agus an t-éirí amach curtha faoi chois, an lá dár gcionn, bhí tacaíocht mhíleata tagtha ó Virginia agus ó Carolina (USS Natchez agus USS Warren) chun tacú leis an mhílíste áitiúil chun dul i ngleic leis na reibiliúnaithe.

(Aptheker, American Negro Slave Revolts, 1943) (12) Chuir an stát 56 duine gorm chun báis, agus mharaigh grúpaí míleata 100 duine eile ar a laghad. Maraíodh thart ar 320 duine gorm eile, mná, fir agus páistí nach raibh baint ag a bhformhór leis an éirí amach . (Breen, 2016)(16) Dícheannaíodh 'éinne amhrasach' agus cuireadh a gcloigne ar chuaillí ag crosbhóthar mar rabhadh don phobal ghorm. (C, 1998)(17) Aimníodh cuid de phríomhbhóthair Stáit Virginia 658 mar thoradh ar an eachtra seo: "Blackhead Signpost Road" (Marable, 2006)(18). Cuireadh diansmacht dochreidte i bhfeidhm ar ghormaigh an cheantair agus chuir sin scéimhle i measc an phobail ghoirm.

Scaipeadh ráflaí i measc mhuintir gheala an cheantair nach i Southampton amháin a bhí éirí amach na sclábhaithe eagraithe agus go raibh sé scaipthe chomh fada ó dheas le Alabama. Mar thoradh ar an eagla a tháinig leis na ráflaí seo, bhí tuairiscí i gCarolina Thuaidh go bhfacthas arm sclábhaithe ar chuid de na phríomhbhóithre, agus go raibh muintir gheal Wilmington, i gCarolina Thuaidh, á ndó agus á maslú acu, agus go raibh siad ag máirseáil i dtreo phríomhchathair an stáit. (Oates, 1973)(14) Mar thoradh ar an eagla cothaithe dá bharr, bhí daoine gorma

faoi ionsaí ar fud an Deiscirt gan cúis. Chuir eagarthóir an nuachtáin An Richmond Whig síos ar an mhéid a tharla ag scríobh gur maraíodh go leor daoine gorma gan triail faoi chúinsí úafásacha barbartha. (Aptheker, American Negro Slave Revolts, 1943)(12) Lean foréigean an chine gheal i gcoinne an phobail ghoirm ar feadh coicíse tar éis don éirí amach a bheith curtha faoi chois. Chruthaigh seo a thuilleadh sceimhle i measc an phobail ghoirm agus méadaíodh an t-idirdhéalú agus an gráin ina gcoinne.

Níor tháinig na húdarais ar Turner ar feadh sé sheachtaine. 30 Deireadh Fómhair 1831, d'aimsigh feirmeoir darbh ainm Benjamin Phipps é i Nottoway agus gabhadh é. Le linn dó a bheith ag fanacht ar a thriail, d'admhaigh Turner don aturnae Thomas Ruffin Gray go raibh baint aige leis an éirí amach. (GRAY, 1831)(4) Cuireadh é faoi thriail 5ú Samhain 1831 agus bhí sé cúisithe as comhcheilg agus as a bheith páirteach in éirí amach. Ciontaíodh é agus daoradh chun báis é. Nuair a fiafraíodh dó an raibh aiféala air faoina raibh déanta aige, ní raibh le rá aige ach *'nár céasadh Críost?'* (Foner, 2014)(19). Crochadh é 11ú Samhain 1831 in Iarúsailéim, Virginia, agus

tarraingíodh agus ceathraíodh a chorp (Gibson, 2005)(20). Cuireadh a chuid iarsmaí gan ceann in uaigh gan mharcáil (FORNAL, 2016) (21). Mar thoradh, bhí sclábhaithe eile an cheantair scanraithe agus iad coinnithe faoi dhiansmacht.

Mar thoradh ar an imeagla a d'fhorbair de bharr éirí amach Nat Turner, ardaíodh ceist na sclábhaíochta ar bhun náisiúnta. Cuireadh tús le plé sa Tionól Ginearálta i Virginia faoi thodhchaí na sclábhaíochta an t-earrach dár gcionn. Bhí cuid de lucht na díospóireachta ar son agus i gcoinne fuascailt na sclábhaithe a thabhairt i bhfeidhm (Oates, 1973)(14). Bhéimnigh go leor polaiteoirí agus scríbhneoirí a dtuairimí i dtaobh buntáistí eacnamaíochta na sclábhaíochta. Brúdh an dearcadh go raibh an cine geal níos fearr ná gormaigh ó thaobh na bitheolaíochta de agus gur léirigh foréigean an éirí amach an riachtanas a bhí ann iad a mhúnlú is a smachtú agus a shibhialú leis an sclábhaíocht (Harper, 1853)(22). Bhí an foréigean bhrúidiúlach do na sclábhaithe ar cheann de na hiarmháirtí b'uafásaí ar an éirí amach.

D’achtaigh an Comhthionól Ginearálta dlíthe nua a d’fhógair go raibh sé mídhleathach léitheoireacht agus scríbhneoireacht a mhúineadh do sclábhaithe agus do dhaoine gorma ar bith. Ní raibh cead ag gormaigh cruinnithe reiligiúnda a reáchtáil gan ministir geal a bheith i láthair. (Virginia, 1992)(23) Tugadh bille nua isteach i Virginia a dhiúltaigh cead do ghormaigh triail le giúiré a bheith acu agus a chinntigh dá mbíodh duine gorm saor ciontaithe i gcoiriúlacht, go mbíodh sé díolta mar sclábhaí agus athlonnaithe. (White, Bay, & Martin, 2013)(24) Bhí iarmháirtí fadtéarmacha leis na ndlíthe diana seo.
D'achtaigh stáit eile sa Deisceart dlíthe comhchosúla a chur srian ar ghníomhaíochtaí sclábhaithe agus saor-ghormaigh (Lewis, 2007)(2). I Virginia agus i stáit eile sa Deisceart, glacadh seilbh ar *litríocht frith-sclábhaíochta mídhleathach* . ("Education from LVA: Deed of Manumission", 2019) (25) Cruthaíodh tuilleadh idirdhealú, cuireadh srianta ar chearta sibhialta agus rinneadh iarracht pobal gorm a fhágáil neamhliteartha.

Roghnaigh roinnt daoine gorma saora a dteaghlaigh a aistriú ó thuaidh chun deiseanna oideachais a fháil. Sháraigh roinnt daoine geala na dlíthe smachtúla agus iad ag múineadh

sclábhaithe, (m.s. Thomas J. Jackson, Mary Smith Peake agus George H. Thomas) (sonofthesouth, n.d.)(26).

De bharr na dlíthe a achtaíodh i ndiaidh Éirí Amach Nat Turner, cinntíodh go mbíodh neamhlitearthacht go forleathan i measc na ngormach. Faoi dheireadh Chogadh Cathartha Mheiriceá, bhí formhór na sclábhaithe a bhí saoraithe agus gormaigh saora an Deiscirt neamhliteartha. Nochtaíodh gurb í ceist an oideachais agus tacú le hiar-sclábhaithe litearthacht a shealbhú ar cheann de na dúshláin ba chriticiúla sa Deisceart tar éis an chogaidh. (Cornelius, 1991)(27)

Cé gur ritheadh reachtaíocht chun oideachas poiblí a bhunú sa Deisceart, chuir córas deighilte cinícoh *Jim Crow* cosc ar a leithéid a fhorbairt. Bhí scoileanna an phobail gorm fágtha in áit na leithphingne, ar bheagán mhaoiniú, ag stáit an Deiscirt. (Fremon, 2000)(28)

Mar fhocal scoir, ba é an t-idirdhealú, an t-easpa cearta sibhialta agus ciníochas na sclábhaíochta a spreag Nat Turner i dtreo éirí amach a reáchtáil. Mar thoradh ar an éirí amach, cuireadh dlíthe i bhfeidhm a chinntigh leatrom san oideachas agus a dhaingnigh an t-idirdhealú ciníoch sa chóras dlí in

aghaidh na ndaoine gorma. Bhí srianta breise curtha i bhfeidhm ar chearta sibhialta an chine ghoirm i Meiriceá chomh maith. Tá tionchar agus impleachtaí Éirí Amach Nat Turner fós le mothú sa tsochaí comhaimseartha i Stát Aontaithe Mheirceá (Shayanne Gal, 2020)(29).

Foinsí:

1. https://www.nationalgeographic.com/history/article/150605-shipwreck-slave-trade-south-africa-18th-century-brazil
2. https://www.britannica.com/topic/transatlantic-slave-trade
3. https://www.aljazeera.com/features/2015/8/15/know-your-history-understanding-racism-in-the-us
4. https://digitalcommons.unl.edu/cgi/viewcontent.cgi?article=1014&context=etas
5. https://www.loc.gov/item/00001930/
6. https://books.google.vu/books?id=DNxSbHzVSWMC&printsec=copyright#v=onepage&q&f=false
7. https://www.goodreads.com/book/show/183541.Anti_Racism_in_U_S_History
8. https://www.tandfonline.com/doi/abs/10.1179/1476994814Z.000000000037
9. https://www.amazon.com/Theorizing-Scriptures-Orientations-Phenomenon-Signifying/dp/0813542049

10. https://www.amazon.com/Nat-Turner-Rising-Southampton-County/dp/1421422557
11. https://muse.jhu.edu/article/224659
12. https://scholarship.richmond.edu/bookshelf/266/
13. https://www.journals.uchicago.edu/doi/abs/10.1086/219445
14. https://www.amazon.com/History-South-Francis-Butler-Simkins/dp/B007ELJNCY
15. https://www.americanheritage.com/children-darkness
16. https://www.amazon.com/Land-Shall-Be-Deluged-Blood/dp/0199828008
17. https://www.amazon.com/Trial-separation-Murfreesboro-North-Carolina/dp/B00JXVEK9O
18. https://www.amazon.com/Living-Black-History-Reimagining-African-American/dp/0465043895
19. https://wwnorton.com/books/9780393418248
20. https://www.connexions.org/CxLibrary/Docs/CxP-Turner_Nat.htm
21. https://www.nationalgeographic.com/news/2016/10/nat-turner-skull-slave-rebellion-uprising/
22. https://quod.lib.umich.edu/m/moa/ABT7488.0001.001?view=toc
23. https://www.amazon.com/Virginia-Workers-Writers-Program-State/dp/0884901734
24. https://www.amazon.com/Freedom-My-Mind-Americans-Documents/dp/0312648847

25. http://www.todayshistory.org/tag/1831/
26. http://www.sonofthesouth.net/leefoundation/civil-war/1862/june/slaves-read-write.htm
27. https://www.amazon.com/When-Can-Read-Title-Clear/dp/0872498719
28. https://www.amazon.com/Crow-Laws-Racism-American-History/dp/0766012972
29. https://www.businessinsider.com/us-systemic-racism-in-charts-graphs-data-2020-6?r=US&IR=T